Kilkenny Archaeological Society

of the Christian Brothers of the North Monastery overlooking Cork City.

OGHAMCHRAOBH AR LIAGAN

I NDEIRE FOMHAIR na bliana seo ardaíodh liagán ón ionad in a raibh sé ina luí cois sean-chaisleáin de chuid na nGrásach i mbaile fearainn Liagáin lámh le Baile Mhic Anndáin. De thoradh shaothair dea-chomharsan a deineadh an obair agus tá sé anois in a sheasamh i gcoinne falla an chaisleáin is bun tatháin go néata leis. Gallán mór gainmhe sea é—6'8" x 22" x 17"—is ní le bun-abhar cloch an cheanntair é pé áit as a tógadh é go dí in lathair seo i gcéadóir.

Maidir leis na galláin inscríofa seo deir An tOllamh R. Thurneysen i leabhar leis de thiodal *A Grammar of the Irish Language* go bhfuil siad uilig an-seanda is gur hardaíodh cuid aca comh fada siar leis an 4ú céad, A.D. Deir sé leis nach bhfuil de scríbhinn ortha san aibitir Oghaim ach ainm an té gur tógadh an chloch dá chuimhne in eineacht le hainm a athar is/nó a sheanathar nascaithe leis an bhfocal MAQQI. Tá eolas cruinn ar na scríbhinní a mhaireann fós ar gach Ogham chloch in Eirinn is sa Bhreatain ar fail i leabhar de chuid an Dr. R. A. S. Macalister de thiodal *Corpus Inscriptionum Insularum Celticarum.*

Ni amhain gur tugadh ainm an liagáin seo atá fé chaibidil againn ar an chaisleán a tógadh ar an lathair sa 14ú céad ach tugadh an ainm céanna ar an mbaile fearainn in a bhfuil sé suite. Mar seo leanas a leitear an scríbhinn atá greanta air dreir an Dr. Macalister:—

LOBBI (I) XOI MAQQI MOCCOI IRE.

E. O CEALLAIGH.